

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Samhain 2022 – Ryanair v an Coimisiún (Croatia Airlines; COVID-19)(Cás T-111/21) ⁽¹⁾

(Státchabhair – Margadh aeriompair na Cróite – Cabhair arna deonú ag an gCróit d’aerlíne i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 – Deontas díreach – Cinneadh gan agóid a dhéanamh – Caingean le haghaidh neamhniú – Cúram aonair – Inghlacthacht – Mórdheacrachtaí – Cúnamh chun aon damáiste a shlánú de dheasca teagmhas eisceachtúil – Cóir chomhionann – Saoirse bunaíochta – Saoirse chun seirbhísí a sholáthar – Measúnú ar an damáiste – Oibleagáid cúiseanna a lua)

(2023/C 15/46)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Ryanair DAC (Sord, Éire) (ionadaithe: E. Vahida, F.-C. Laprèvote, V. Blanc, S. Rating agus I.-G. Metaxas-Maranghidis, Dlíodóirí)

Cosantóir: An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Flynn agus C. Georgieva, Gníomhairí)

Idiragraí, ag tacú leis an gCoimisiún Eorpach: Poblacht na Cróite (ionadaí: G. Vidović Mesarek, Gníomhaire)

Ábhar

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar Cinneadh C(2020) 8608 ón gCoimisiún final an 30 Samhain 2022 ar Státchabhair SA.55373 (2020/N) – an Chróit – COVID-19: Cúiteamh i leith damáistí do Croatia Airlines (IO 2021 C 17, lch. 1) a chur ar neamhní.

An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean;
2. Ordaítear do Ryanair DAC, chomh maith lena chostais féin, na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc;
3. Ordaítear do Phoblacht na Cróite a costais féin a íoc.

⁽¹⁾ IO C 138, 19.4.2021.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Samhain 2022 – Minority SafePack – one million signatures for diversity in Europe v an Coimisiún(Cás T-158/21) ⁽¹⁾

(Dlí institiúideach – Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh – “Minority SafePack – one million signatures for diversity in Europe” – Cumarsáid ón gCoimisiún ina leagtar amach na cúiseanna nár glacadh leis na tograí maidir le gníomhartha dlí sa thionscnamh Eorpach ó na saoránaigh – Oibleagáid cúiseanna a lua – Cóir chomhionann – Prionsabal an dea-riaracháin – Earráid fhollasach mheasúnaithe)

(2023/C 15/47)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: “Citizens; Committee of the European Citizens” Initiative “Minority SafePack – one million signatures for diversity in Europe” (ionadaí: T. Hieber, Dlíodóir)

Cosantóir: an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: I. Martínez del Peral, I. Rubene, E. Stamate agus D. Drambozova, Gníomhairí)

Idiragraí, mar thaca leis an iarratasóir: an Ungáir (ionadaithe: M. Fehér agus K. Szíjjártó, Gníomhairí)

Idiragraithe, mar thaca leis an gcosantóir: an Phoblacht Heilléanach (ionadaí: T. Papadopoulou, Gníomhaire), Poblacht na Slóvaice (ionadaí: E. Drugda, Gníomhaire)

Ábhar

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir Teachtaireacht C(2021) 171 final ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2021 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal “Minority SafePack – one million signatures for diversity in Europe” a chur ar neamhní.

An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean;
2. Ordaítear do Citizens' Committee of the European Citizens' Initiative “Minority SafePack – one million signatures for diversity in Europe”, chomh maith lena chostais féin, na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc;
3. Ordaítear don Phoblacht Heilléanach, don Ungáir agus do Phoblacht na Slóvaice a gcostais féin a íoc.

⁽¹⁾ IO C 217, 7.6.2021.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Samhain 2022 – QM v Europol

(Cás T-164/21) ⁽¹⁾

(Seirbhís shibhialta – Foireann shealadach – Gan Conradh ar théarma seasta a athnuachan ar feadh tréimhse éiginnte – Leas na seirbhíse – Earráid dlí – Earráid fhollasach mheasúnaithe – Ceart éisteachta – Prionsabal an dea-riaracháin – Dualgas cúraim)

(2023/C 15/48)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: QM (ionadaí: N. de Montigny, Dlíodóir)

Cosantóir: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (ionadaithe: A. Nunzi, O. Sajin agus C. Falmagne, Gníomhairí, le cúnamh ó A. Duron agus D. Waelbroeck, Dlíodóirí)

Ábhar

Lena chaingean de bhun Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí cinneadh Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) an 27 Bealtaine 2020 gan a chonradh fostaíochta a shíneadh ar feadh tréimhse éiginnte a chur ar neamhní agus, a mhéid is gá, cinneadh an 18 Nollaig 2020 lena ndiúltaítear dá ghearán a chur ar neamhní.